—1988—

# Máirtín Ó Cadhain agus Dioscúrsa na Gaeilge

Gearóid Ó Crualaoich

(Cathaoirleach: Pádraig A. Breatnach)

Ba mhaith liom tosú ar a bhfuil le rá agam anocht trí scrúdú beag a dhéanamh ar an tuiscint ar bhéaloideas agus ar shaol an bhéaloidis a nocht an Cadhnach in *Páipéir Bhána agus Páipéir Bhreaca* (1969). Tá a fhios againn go léir go ndúirt sé ansin gur dhiúltaigh sé don chathú an béaloideas a úsáid ina shaothar liteartha—toisc, ina chuid focal féin, 'rud eile ar fad a bhí mé ag iarraidh a dhéanamh.' Tá a fhios againn chomh maith gur aithin sé go soiléir an traidisiún fada béil a bhí laistiar de agus laistiar dá mhuintir agus gur chuir sé de dhua air féin blúirí den éigse bhéil sin a bhailiú agus a chur ar caomhnú i gcló in irisleabhar an Chumainn le Béaloideas Éireann. In *Páipéir Bhána agus Páipéir Bhreaca* níor chuir sé fiacail ann maidir lena chúlra: 'B'as saol an bhéaloidis', a deir sé, 'a fáisceadh mé.' Ach féach an tuiscint ar an saol san atá léirithe aige san abairt cheannann chéanna uaidh; 'saol an bhéaloidis', a deir sé, 'saol nach raibh mórán athrú air le míle bliain anuas.' Cad is brí leis seo, gan athrú a bheith ar shaol d'aon sórt le míle bliain? Arís, deir sé in áit eile gurb as saol seo an bhéaloidis—'saol an tseanscéil, an tseanamhráin, an tseanghnáis, na pisreoige' a múnlaíodh na céadta glúin Gael. Trí mhíle bliain ar an meánchomhaireamh a bheadh i gceist le céad amháin glúin d'aon chineál den chine daonna agus arís anseo gheibhimid tuairim bhréige mhíréalaíoch den traidisiún béil, den bhéaloideas—mar úinívéars socair, dúnta, nár athraigh leis na cianta cairbreacha. Luann sé in áit eile fós 'ábhar síoraí an bhéaloidis,' frása focal nach féidir brí a bhaint as ach sa mhéid gurbh fhéidir an bhrí chéanna a bhaint as frásaí ar nós 'ábhar síoraí na litríochta' nó 'ábhar síoraí na samhlaíochta' dá mb'áil le héinne iad san a úsáid.

Más mar úinívéars socair dúnta féin a thuig an Cadhnach an béaloideas thuig sé chomh maith céanna go raibh istigh ann cumhacht agus rúndiamhair agus draíocht a bhainfeadh amach as an saol seo thú agus a chuirfeadh ar do chumas maireachtaint tamall ar phlána eile den bheatha. Saol Diníseach na dtoibreacha beannaithe a luann sé mar chineál amháin den draíocht seo agus scéalaíocht agus cuntais an Domhain Thoir mar chineál eile. Tugann sé tús áite anseo, áfach, don chineál ábhar béil a thugann léargas ar an réimse saoil eile úd atá 'i bhfad ní ba ghaire dhúinn ná an Domhan Thoir'; is é sin an saol eile nó an leagan sinseartha dúchais sin den saol eile gur cumasc é den saol sí, de shaol na sinsear daonna agus den tsíoraíocht Chríostaí—faoina cló tíre comónta. Dar leis gur i leith na gné seo go háirithe den bhéaloideas is ea a gheibhimid léiriú ar shaintréithe cruthaitheacha na samhlaíochta á gcur féin in iúl sa Ghaeilge. 'Tá mé cinnte,' a deir sé, 'gur mó go mór an borradh faoi mo shamhlaíocht na rudaí seo ar fad a luaim ná léitheoireacht mo chomhaoiseachaí cathaireach.' Ina dhiaidh sin go léir mheas sé na foinsí draíochta, na friotail bhéaloidis, dioscúrsa sainiúil an traidisiúin béil a fhágaint ina dhiaidh nuair a chuir sé roimis féin litríocht phróis a shaothrú sa Ghaeilge.

Tá sé curtha in iúl agamsa i bpéire aiste[1] agus tá sé léirithe soiléir ag Gearóid Denvir ina *mhagnum opus*, *Cadhan Aonair: Saothar Liteartha Mháirtín Uí Chadhain* (1987) nár éirigh leis an gCadhnach dul saor ar fad ina shaothar litríochta ó anáil ná ó *repertoire* an tseanchaí agus an bhéaloidis. Mo thuairim féin go bhfuil an gaisce scríbhneoireachta a chuireann Máirtín de sa chuid is bunúsaí agus is saibhre dá shaothar cruthaitheach ar aon dul i slite tábhachtacha le bua cainte na scéalaíochta gaisce agus an tseanscéil mar a gheibhimid riamh iad i measc ealaíontóirí Gaelacha na hinsinte béil. Bíodh san fíor má tá, agus bíodh is gur thuig Máirtín go raibh mórghaisce scríbhneoireachta ar a chumas agus ar a chleacht, fós bhí duairceas ann dó sa mhéid is gur bhraith sé go géar a raibh ag bagairt ar gach aon sórt dioscúrsa Gaeilge idir litríocht agus bhéaloideas agus ghnáthurlabhra—mar atá míthuiscint agus diúltú, teip agus stad, imeacht in éag agus ar neamhní. 'Is raimhre dorcha aríst í spéir na Gaeilge' a dúirt sé agus dúirt sé gur fonn troda go fíochmhar ar son na teanga a ghin an t-éadóchas san ann. Cuid íoróineach amháin den troid sin ar shlí is ea a shaothar cruthaitheach mar a gcuirtear léiriú ar fáil diaidh ar ndiaidh ar an gcumarsáid Ghaeilge agus go fiú an chumarsáid dhaonna a bheith ag teip agus ag dul amú, agus mar a dtugtar léargas ar an tslí go mbíonn an duine scartha anois—níos mó ná riamh—ó aon phlé le traidisiún nó le comhluadar mar bhonn leis an saol nó le brí an tsaoil. Cuid eile fós den troid sin ab ea a ghníomhartha polaitíochta—an tslí gur fheidhmigh sé ina shaol príobháideach agus poiblí trí chéile chun ceannaireacht a sholáthar dá ghlúin féin agus do ghlúinte níos óige ná é maidir le seasamh leis an nGaeilge agus seasamh amach di os comhair an tsaoil go léir.